

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Samhain 2017

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas foras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus comhlacht náisiúnta na hÉireann um an gcomhionannas.

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ('an Coimisiún') faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ('an tAcht fán gCoimisiún, 2014').

Tá sainchúram reachtúil ag an gCoimisiún chun cearta an duine agus an comhionannas sa Stát a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn agus chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn. Tá sé de chúram ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht an dlí, beartas agus cleachtas maidir le cosaint chearta an duine agus an chomhionannais agus moltaí a dhéanamh don Rialtas

Céard a deirtear san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014?

Leagtar dualgas dearfach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ar chomhlachtaí na hearnála poiblí aird a bheith acu ar an ngá le hidirdhealú a dhíbirt, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, ina n-obair laethúil. Is forbairt nuálach é seo i reachtaíocht comhionannais agus cearta an duine in Éirinn agus cruthaíonn sé deis luachmhar do chomhlachtaí poiblí tosca cearta an duine agus comhionannais a leabú ina bhfeidhmeanna, ina mbeartais agus ina gcleachtais.

Deirtear in Alt 42:

42. (1) Le linn do chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aige ar an ngá atá leis na nithe seo a leanas:

1. idirdhealú a dhíbirt,
2. comhionannas i ndeiseanna a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn, agus
3. cearta daonna a chomhaltáí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.



Leagtar amach trí phríomhchéim do chomhlachtaí poiblí in Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014

1. Agus pleananna straitéiseacha á n-ullmhú, caithfidh comhlachtaí na hearnála poiblí cúrsaí chearta an duine agus comhionannais a bhaineann lena bhfeidhmeanna a mheasúnú agus a shainaithint. Ní mór go mbainfeadh na cúrsaí sin lena bhfeidhmeanna ar fad mar lucht déanta beartais, mar fhostóirí, agus mar sholáthraithe seirbhíse.
2. Ní mór do na comhlachtaí poiblí ansin na beartais agus na cleachtais atá i bhfeidhm nó a bheartaíonn siad a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na cúrsaí sin a shainaithint.
3. Ar deireadh, ina dtuarascálacha bliantúla, nó ina gcáipéisí comhionanna, caithfidh comhlachtaí poiblí forbairtí agus éachtaí ina leith sin a thuairisciú don phobal ar bhealach inrochtana.

Sa chás go measann an Coimisiún gur teipeadh ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a chomhlíonadh, is féidir leis iarraidh ar chomhlacht poiblí tabhairt faoi athbhreithniú comhionannais agus chearta an duine ar obair na heagraíochta, agus plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.



Céard is Comhlacht Poiblí ann faoin Acht fán gCoimisiún, 2014?

“Tá an sainmhíniú ar chomhlacht poiblí faoi Alt 2 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 leathan agus áirítear ann:

- Roinn Stáit
- údarás áitiúil
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- ollscoil nó institiúid teicneolaíochta
- bord oideachais agus oiliúna
- duine, comhlacht nó eagrais ar bith eile arna bhunú faoi reacht, nó faoi scéim ar bith a riarann Aire Rialtais, gan Óglaigh na hÉireann san áireamh
- comhlacht arna mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach ag Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais
- comhlacht a bhfuil na scaireanna móraimh i seilbh Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais

Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais duine, comhlacht, eagrais nó grúpa ar bith eile arna mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach as airgead arna soláthar ag an Oireachtas, a fhorordú mar chomhlacht poiblí, i ndiaidh comhairliúcháin leis an gCoimisiún.”

Dualgas na hEarnála Poiblí a Chur i bhFeidhm

Bíonn go leor tairbhí i gceist do chomhlachtaí poiblí má chuireann siad Dualgas na hEarnála Poiblí i bhfeidhm, mar a léiríodh i ndlíní eile. Áirítear ina measc siúd:

- úsáid níos éifeachtaí acmhainní agus cáilíocht beartas níos fearr
- rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí agus tairbhe níos mó do na húsáideoirí seirbhíse ar fad
- timpeallacht oibre fheabhsaithe d'fhostaithe agus táirgiúlacht agus cruthaitheacht fheabhsaithe
- soláthar feabhsaithe seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán
- laghdú ar neamhionannais agus dul chun cinn ar chearta an duine a bhaint amach i soláthar príomhsheirbhísí ar nós sláinte, tithíochta, oideachais, cúram sóisialta
- tacú le cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith obair na gcomhlachtaí poiblí
- athrú cultúrtha san earnáil phoiblí a chur chun cinn
- laghdú ar ghearáin agus ar dhlíthíocht.



Céard is gá do Chomhlacht Poiblí a dhéanamh?

Measúnú tosaigh

Tabhairt faoi mheasúnú ar chúrsaí chearta an duine agus comhionannais a bhaineann lena fheidhmeanna, leis na seirbhísí a chuireann sé ar fáil, nó a rialaíonn nó a mhaoirsíonn sé, agus lena fhostaithe. D'fhéadfadh measúnú tosaigh feidhmiú mar bhonn agus taca do ráiteas straitéiseach chun an chéad chéim eile den phróiseas pleanála straitéisí a threorú.

Samplaí:

- Feidhmeanna na heagraíochta a mhapáil chomh maith le saincheisteanna chearta an duine agus comhionannais atá ag teacht chun cinn mar gheall ar cheanglais dlí, gearáin, rioscaí a sainaitníodh, cúrsaí caidrimh thionsclaíoch, tacair reatha sonraí agus tuarascálacha comhairliúcháin
- Príomhbheartais, cláir, straitéisí náisiúnta agus caighdeáin a shainaithint a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas a bhaint amach i stát na hÉireann



Pleanáil straitéiseach

Measúnuithe tosaigh ar chearta an duine agus comhionannas a chomhtháthú sa phróiseas pleanála straitéiseí. Má táthar ag obair i dtimthriall pleanála straitéiseí a tosaíodh cheana féin, a chinntiú go gcuimsítear naisc idir ráitis chearta an duine agus/nó comhionannais agus pleananna gníomhaíochta lena mbaineann i ngníomhaíochtaí reatha oibre.

Samplaí:

- Cúrsaí chearta an duine agus comhionannais a chur san áireamh in bhur bpróiseas pleanála straitéiseí. Ba cheart é sin a dhéanamh nuair atá beartais á gcur i dtoll a chéile, agus ní mar ghníomhaíocht ag an deireadh
- Bhur mbainisteoirí sinsearacha a chur ar an eolas faoi fhreagrachtaí na heagraíochta faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí
- Príomhbheartais, cláir, straitéiseí náisiúnta agus caighdeáin a shainiú a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas a bhaint amach le haghaidh fostaithe agus úsáideoirí seirbhíse
- A chinntiú go n-áirítear tosca chearta an duine agus comhionannais i luachanna agus misean na heagraíochta
- Meicníocht athbhreithnithe a chur ann chun a chinntiú go mbíonn aird leanúnach ar thosca dearfacha chearta an duine agus comhionannais
- Nuair a shainiúitear baol do ghrúpaí faoi chosaint nó sárú féideartha ar chearta an duine, tabhairt faoi chéimeanna chun an baol sin a mhaolú nuair is féidir

Comhairliúchán agus rannpháirtíocht

Dul i mbun comhairliúcháin go forleathan le fostaithe, bainisteoirí, ceardchumann, daoine aonair agus pobail a bhfuil fáil acu ar na seirbhísí agus a úsáideann iad, agus príomhpháirtithe leasmhara eile, a bhféadfadh cúrsaí chearta an duine agus neamhionannais tionchar a imirt orthu.

Samplaí:

- Painéil d'úsáideoirí seirbhíse a bhunú agus tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí, ag tabhairt guth dá bharr do dhaoine aonair agus do ghrúpaí atá i mbaol idirdhealú agus shárú chearta an duine
- Dul i mbun comhairliúcháin go seachtrach agus go himmheánach ag pointí oiriúnacha i bhforbairt beartas agus clár
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mheicníochtaí gearán seachtrach agus inmheánach, agus cinntiú go dtógtar gnéithe chearta an duine agus comhionannais mar chuid díobh
- Réiteach neamhfhoirmiúil ar ghearáin inmheánacha agus sheachtracha a chur chun cinn trí oiliúint a chur ar chomhaltaí foirne agus bainisteoirí chun aghaidh a thabhairt go báuil ar chúrsaí chearta an duine agus comhionannais
- A chinntiú go bhfuil bhor mbeartais Acmhainní Daonna agus Soláthair Seirbhíse seasmhach i leith chearta an duine agus comhionannais

Oiliúint agus tógáil cumais

Oiliúint nó faisnéis a sholáthar do phríomhchomhaltaí foirne agus bainisteoirí maidir le cearta an duine agus comhionannas agus buiséid oiliúna a leithdháileadh dá réir.

Samplaí:

- Oiliúint ar chearta an duine agus comhionannas a thairiscint mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil agus mar chuspóir eagraíochta
- Cúrsaí chearta an duine agus comhionannais a chur san áireamh i straitéis cumarsáide na heagraíochta
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chun feasacht ar chearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn, ar nós imeachtaí/laethanta téama don fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse (Laethanta na Náisiún Aontaithe, feasacht ar mheabhairshláinte, srl.), seisiúin eolais don fhoireann
- Imeachtaí a eagrú a dhéanann ceiliúradh ar an éagsúlacht agus ar chearta an duine

Grúpaí oibre / coistí / príomhphearsanra

D'fhéadfadh go mbeadh ar Chomhlacht Poiblí coiste nó grúpa oibre sonrach a bhunú chun díriú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm; nó d'fhéadfadh sé struchtúr atá ann cheana a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh gá le ról shonracha, a chuimsíonn freagracht shonrach as comhionannas agus cearta an duine, a shannadh nó a cheapadh.

Samplaí:

- Grúpa oibre nó coiste a shannadh chun tabhairt faoin ról chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm de réir a chéile
- Tiomantas eagraíochta a chinntiú leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus ceannaireachta
- Grúpa ardbhainistíochta a bhunú chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn

Beartais, cláir agus cleachtais

Beartais agus cláir a scagadh agus anailís a dhéanamh orthu ó thaobh chearta an duine agus comhionannais de, ag saináithint cé na beartais agus cleachtais reatha atá thar a bheith ábhartha.

Samplaí:

- Cúrsaí chearta an duine agus comhionannais a chur san áireamh i gclár oibre gach grúpa oibre agus cruinnithe ardbhainistíochta
- A chinntiú go scagtar bhur mbuiséid nó go ndéantar anailís orthu le haghaidh tionchar ar chearta an duine agus comhionannas
- A chinntiú go scagtar bhur mbeartais nó go ndéantar anailís orthu le haghaidh tionchar ar chearta an duine agus comhionannas i gcás úsáideoirí seirbhíse agus fostaithe – ag céim luath agus ar bhonn tráthúil athbhreithnithe
- Beartais fostaíochta a chur i bhfeidhm a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine
- Réimsí baoil a thairfeadh go soiléir agus tabhairt faoi chéimeanna chun drochthionchar a mhaolú



Pleanáil gníomhaíochta

Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt le haghaidh chearta an duine agus comhionannais ina bhfuil gníomhaíochtaí agus freagrachtaí sainithe.

Samplaí:

- Plean gníomhaíochta a ullmhú maidir le réimse sonrath beartais nó cláir nó caighdeán sonrath rialála a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chearta an duine agus comhionannas
- Réimsí baol le haghaidh chearta an duine agus comhionannais a thaifead go soiléir agus tabhairt faoi chéimeanna chun drochthionchar féideartha a mhaolú
- Cuimhneamh ar bhearta idirdhealaithe dhearfai gh i soláthar seirbhíse agus fostaíochta, agus cur chuige bunaithe ar chearta
- Cuimhneamh ar bhearta freastail réasúnta le haghaidh daoine faoi mhíchumas i soláthar seirbhíse agus fostaíochta, agus cur chuige bunaithe ar chearta
- Freagrachtaí, tréimhse, buiséid agus táscairí a cheapadh go soiléir sa phlean gníomhaíochta
- Treoirthionscadal a fhorbairt i bpríomhréimsí seirbhíse maidir le dualgas na hearnála poiblí



Bailiú sonraí, monatóireacht agus tuairisciú

Cinntoidh bailiú sonraí, spriocanna a shainítear go soiléir, táscairí agus freagrachtaí go ndéanfar monatóireacht agus tuairisciú éifeachtach ar chearta an duine agus comhionannas. Áireofar éachtaí agus céimeanna ar tugadh fúthu mar chuid de bhur bpleananna gníomhaíochtaí le haghaidh chearta an duine agus comhionannais i dtuarascálacha bliantúla ar bhealach inrochtana.

Samplaí:

- Bailiú sonraí a chur chun cinn trí tháscairí chearta an duine agus comhionannais a úsáid i bhfostaíocht agus i soláthar seirbhíse
- Bhur gcórais bailithe sonraí a fheabhsú agus a chinntiú go n-úsáidtear sonraí comhionannais agus chearta an duine chun bhur mbeartais agus bhur gcleachtais a dhéanamh seasmhach i leith chearta an duine agus comhionannais agus chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ina leith
- Eolas bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil in bhur dtuarascáil bhliantúil faoi bhur dtionscnaimh agus bhur n-éachtaí a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas



Céard is féidir le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a dhéanamh?

Tá feidhmeanna sonracha ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí.

Tacaíocht: Féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt agus tacú le comhlachtaí poiblí agus iad ag forbairt uirlisí sonracha measúnaithe, ag forbairt beartas agus ag cinntiú go bhfuil siad seasmhach i leith chearta an duine agus comhionannais. Tabharfaidh an Coimisiún cuntas ar dhea-chleachtas agus ar chaighdeáin éifeachtacha oibríochta maidir le cearta an duine agus comhionannas.

Treoirthionscadail

Shocraigh an Coimisiún tús a chur le roinnt treoirthionscadal chun feidhmiú mar bhonn agus taca do threoir agus do chóid chleachtais amach anseo. Déanfaidh na suíomhanna píolótacha machnamh ar chuir chuige ón mbarr anuas agus ón mbun aníos chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm.

Monatóireacht: Más ann d'fhianaise ar fhadhbanna tromchúiseacha chearta an duine agus/nó idirdhealú, d'fhéadfadh an Coimisiún iarraidh ar chomhlacht poiblí tabhairt faoi athbhreithniú ar chearta an duine agus/nó comhionannas, agus plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh chearta an duine agus/nó comhionannais nó an dá ghné.

D'fhéadfadh gur athbhreithniú ginearálta a bheadh i gceist nó go mbainfeadh sé le gnéithe sonracha den chomhionannas agus cearta an duine.

Tuilleadh eolais

Forbróidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas treoracha agus sraitheanna dea-chleachtais le scaipeadh ar chomhlachtaí poiblí i gcomhthéacs Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm. Má tá tuilleadh eolais nó tacaíochta uait, téigh i dteagmháil le foireann Dhualgas na hEarnála Poiblí.

- Tá uirlis ríomhfhoghlama ina ndírítear ar Chomhionannas i Seachadadh Seirbhíse le fáil lena íoslódáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin faoi láthair agus is féidir le daoine aonair nó le heagraíochtaí í a úsáid.
- Tá bileoga eolais, sraitheanna agus acmhainní éagsúla ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus is féidir iad ar fad a chur in oiriúint chun go bhfeilfidh siad do chur i bhfeidhm dhualgas na hearnála poiblí de réir a chéile.
- Tá naisc ar leathanach an Choimisiúin faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí chuig uirlisí ó thíortha eile maidir le measúnuithe tionchair comhionannais agus/nó measúnuithe tionchair chearta an duine agus comhionannais; táscairí agus bailiú sonraí chearta an duine agus comhionannais.
- Féadfaidh comhaltaí foirne an Choimisiúin i bhfoireann Dhualgas na hEarnála Poiblí treoir a thabhairt ar chaighdeán le haghaidh oiliúint chearta an duine agus comhionannais a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó chomhlacht poiblí.
- Má tá tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil le foireann Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Foireann Dhualgas na hEarnála Poiblí

Ríomhphost: info@ihrec.ie

Suíomh gréasáin: www.ihrec.ie

Seoladh na Ceann-Oifige

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

16-22 Sráid na Faiche
Baile Átha Cliath 7, D07 CR20

Íosghlao: 1 890 245545
Guthán: + 353 (0) 1 8589601
Facs: + 353 (0) 1 8589609
Ríomhphost: info@ihrec.ie
Suíomh gréasáin: www.ihrec.ie

Bímid ar fáil
Luan go hAoine
9.00 – 13.00
14.00 – 17.00